E

Nuacht Neachtain
Meán Fómhair, 2024.

FÁILTE!

Beatha agus sláinte! Fáilte romhat ar ais go Nuacht Neachtain – nuachtlitir mhíosúil de chuid Ghaelscoil Neachtain. Chun tuismitheoirí nua a chur ar an eolas, meán teagmhála breise é Nuacht Neachtain idir an Ghaelscoil agus tú féin mar thuismitheoirí. Cuirimid fearadh na fáilte ar ais roimh achan duine, idir theaghlaigh agus fhoireann, go Gaelscoil Neachtain don scoilbhliain nua 2024 - 2025. Cuirimid fáilte ó chroí roimh pháistí nua s'againne go Naíscoil Neachtain agus ba mhaith linn fáilte ó chroí a chur roimh pháistí Rang 1 fosta. Bíonn achan duine againn ag Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain ag obair chun foghlaim dheimhneach shona a chur ar fáil *d'achan* pháiste – is iad na cuspóirí atá againn ná go mbainfidh gach páiste a chumas amach ag an Naíscoil agus ag an Ghaelscoil, go mbainfidh na páistí s'againne sult as a gcuid fhoghlama is go seasfaidh a dtaithí anseo leo lena linn! Tá súil againn fosta go mbainfidh tú fein, mar thuismitheoir, tairbhe as a bheith linn ag Gaelscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

BAILL NUA FOIRNE

Cuirimid fáilte roimh Chara Nic Íomhair agus roimh Liam Óg Ó Flannagáin go Gaelscoil Neachtain agus guímid gach rath orthu le linn na scoilbhliana 2024-2025.

BAINNE

Beidh bainne (cartáin Dale Farm) ar fáil do pháistí ón Luan, 23 Meán Fómhair, 2024, go dtí An Aoine, 20 Nollaig, 2024. **£12.00 an páiste an costas bainne don tréimhse seo.** Má tá do pháiste ag iarraidh bainne a ól, cuirtear an t-airgead chuig an mhúinteoir ranga faoi i **10.00rn Dé Máirt, 17 Meán Fómhair,** le do thoil. Go raibh maith agat.

CÓTAí!!

BÍ CINNTE, LE DO THOIL, GO gCUIRTEAR CÓTA AR SCOIL LE DO PHÁISTE GACH LÁ. Cinnítear fosta, le do thoil, go bhfuil a ainm air. Go raibh maith agat.

WELCOME!

Beatha agus Sláinte! Welcome back to Nuacht Neachtain – Gaelscoil Neachtain's monthly newsletter. By way of introduction to new parents, Nuacht Neachtain is an extra means of communication between the Gaelscoil and yourself as parents.
We welcome everyone, both families and staff, back to Gaelscoil Neachtain for the school year 2024 - 2025. We warmly welcome our new children to Naíscoil Neachtain, and likewise, we warmly welcome our Rang 1 children. All of us at Gaelscoil and Naíscoil Neachtain work to provide positive, happy learning for *all* our children – we want all our children to achieve their potential at Naíscoil and Gaelscoil, to enjoy their learning and trust that their experience here will stand them in good stead throughout their lives! We also hope that you, as a parent, will benefit from your association with Gaelscoil and Naíscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

NEW MEMBERS of STAFF

We welcome Cara McKeever and Liam Óg Ó Flannagáin to Gaelscoil Neachtain and wish them every success during the school year 2024-2025.

MILK

Milk (Dale Farm cartons) will be available to the children from Monday, 23rd September, 2024, until Friday, 20th December, 2024. The cost of milk for this term is **£12.00 per child.** If your child wishes to take milk, please send money to the class teacher by **10.00am Tuesday, 17th September.** Go raibh maith agat.

COATS!!

PLEASE SEND A COAT TO SCHOOL WITH YOUR CHILD EVERY DAY. PLEASE ENSURE YOUR CHILD'S NAME IS ON THEIR COAT.
Go raibh maith agat.

TOPAICí FOGHLAMA

Léitear thíos, le do thoil, na topaicí ranga, a bhfuil na páistí ag foghlaim faoi i dTéarma 1a, 2024 – 2025.

Naíscoil

Socrú isteach, céim ar chéim atá, atá ar bun again ag Naíscoil Neachtain. Le Linn mhí Mheán an Fhómhair, tá na páistí ag foghlaim faoin Naíscoil. Tá said ag péinteáil, ag ceol agus ag súgradh ar réimse dhóigheanna chomh maith le haithne a chur ar an fhoireann agus ar a chéile. Leantar muid ar *Seesaw!*

Rang 1

Tá páisti Rang 1 ag dul don toipic *Mé Féin.* Tá siad ag foghlaim faoina dteaghlaigh agus faoi dhaoine eile a chuidíonn leo. Tá *An Fear Sinséir* a léamh ag an páistí, scéal a chuidíonn leo foghlaim faoin tsábháilteacht. Tá na páistí ag foghlaim faoi bhaill éagsúla an choirp trí scéalta, rímeanna, amhráin ghníomhaíochta agus trí ghníomhaíochtaí praiticiúla.

Rang 2

Is é *Nach Iontach Mise*! an topaic atá ag páistí Rang 2 an leath-théarma seo. Déanfaidh siad iad féin agus a dtréithe pearsanta a fhiosrú agus a phlé, fiosraíonn siad cé hiad féin, aithníonn siad na rudaí is féidir leo a dhéanamh, aithníonn siad na rudaí is fearr leo agus aithníonn siad cad chuige a bhfuil siad speisialta. Spreagfar na páistí le dearcadh dearfach a bheith acu ar an fhoghlaim. Beidh siad ag foghlaim fá na Chéadfaí fosta

Rang 3

Tá páistí Rang 3 ag dul don topaic *Mo Cheantar* i dtéarma 1a. Tá siad ag foghlaim faoin cheantar áitiuil – áiseanna, seirbhísí, foirgnimh stairiúla is forignimh phobail, scoileanna, srl. Tá siad ag foghlaim fosta faoi ghnéithe fisiciúla na timpeallachta áitiúla. Beidh na páistí ag foghlaim faoin Fhómhar fosta.

Rang 4

Beidh páistí Rang 4 ag foghlaim faoin Aimsir i dTéarma 1a. Beidh deis acu foghlaim faoi na séasúir agus na cineálacha aimsire a bhíonn againn anseo in Éirinn agus thart an domhain. Beidh na páistí ag foghlaim fosta faoin Fhómhar agus rachaidh na páistí ar shiúlóid dúlra.

Ranganna 5 / 6 / 7

Tá ranganna 5, 6 agus 7 ag foghlaim fán topaic Cineáltas agus Carthanachtaí i dTéarma 1a. Beidh siad ag déanamh taighde ar na carthanachtaí móra áitiúla is idirnáisiúnta agus an tábhacht a mbaineann leo. Beidh siad ag foghlaim fán tábhacht agus fán mhaitheas a bhaineann leis an chineáltas agus an cineáltas sin a thaispeáint daofa féin agus do dhaoine eile agus faoi thábhacht tacú le carthanachtaí éagsúla go rialta.

LEARNING TOPICS

Please read below the class topics children are learning about in Term 1a, 2024 - 2025.

Naíscoil

We're having a gradual settling in period at Naíscoil Neachtain. During September, the children are learning all about their Naíscoil. They're painting, singing and playing in a variety of ways as well as getting to know each other and the staff. Follow us on *Seesaw!*

Rang 1

Rang 1 children are learning about the topic *Myself*. They are also learning about their families and about other people who help them. The children are reading *The Gingerbread Man*, a story which helps them learn about safety. The children are learning the different body parts through stories, rhymes, action songs and various practical activities.

Rang 2

Wonderful Me! is the topic for children in Rang 2 this half-term. They will explore who they are, recognising what they can do, identifying their favourite things and recognising what makes them special. The children will be encouraged to develop a positive attitude to learning. They will also be learning all about the Senses.

Rang 3

Rang 3 children are learning about *My Locality* in term 1a. They are learning about the local area – facilities, services, historic buildings and community buildings, schools, etc. They are also learning about the physical aspects of the local environment. The children will also be learning about Autumn.

Rang 4

Rang 4 children will be learning about the weather in Term 1a. They will have the opportunity to learn about the seasons and the types of weather we have here in Ireland and around the world. The children will also be learning about Autumn and will go on a nature walk.

Ranganna 5 / 6 / 7

Children in Ranganna 5, 6 and 7 are learning about kindness and charities in Term 1a. They will be researching the many great local and international charities that play a vital role in our communities. They will explore the importance and value of showing kindness to themselves and others and of supporting various charities regularly.

AN CORPOIDEACHAS AGUS AN SPÓRT IARSCOILE

Níl socruithe críochnaithe go fóill maidir le clár ama corpoideachais nó an spórt iarscoile I dTéarma 1a. Cuirfear ar an eolas thú a luaithe is a thagann eolas ar fáil. Go raibh maith agat.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45rn. 50p an páiste an costas. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi dheara, le do thoil: Glactar leis na hordaithe deireanacha don bhricfeasta ar 8.40rn.** Go raibh maith agat.

AN CLUB IARSCOILE

Bíonn an Club Iarscoile ar fáil, Luan go hAoine, 3.00 – 4.55in.

£7.50 an páiste an seisiún. Má ta spéis agat ann, téitear i dteagmháil le Laoise, rúnaí na Gaelscoile, le do thoil, chun áit a chur in áirithe. Ní dhéanfaidh páistí Rang 1 freastal i mí Mheán an Fhómhair agus iad ag imeacht 'na bhaile ar 12in. Go raibh maith agat.

EOLAS AILLÉIRGE: CNÓNNA

Is limistéar saor ó chnónna é Gaelscoil Neachtain: ní cheadaítear cnónna, nó torthaí a bhfuil cnónna iontu, ar shuíomh na Gaelscoile. Go raibh maith agat.

TEORAINN LUAIS 5msu

AR MHAITHE LE SÁBHÁILTEACHT ACHAN DUINE, IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ TIOMÁINT, LE BHUR dTOIL, AR **5msu,** AR A MHÉAD AGUS IAD SA SUÍOMH GAELSCOILE, AGUS AR AN BHEALACH ISTEACH AGUS AR AN BHEALACH AMACH. Go raibh maith agat.

MAOR TRÁCHTA

Tugtar faoi deara, le do thoil: Níl maor tráchta ag Gaelscoil Neachtain. IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ, MAR SIN, CINNTIÚ GO BHFUIL A bPÁISTÍ SLÁN SÁBHÁILTE AGUS IAD AG TEACHT AGUS IMEACHT ÓN GHAELSCOIL. Go raibh maith agat.

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe do Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, téitear i dteagmháil le ceachtar acu laithreach bonn. Go raibh maith agat.

P.E. AND AFTER-SCHOOL SPORT

Arrangements have not yet been finalised for the P.E. timetable or after-school sport in Term 1a. You will be informed as soon as information becomes available. Go raibh maith agat.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club is open every morning between 8.15 – 8.45am and costs 50p per child. All children are welcome. **Please note: last orders for breakfast are taken at 8.40am.** Go raibh maith agat.

CLUB IARSCOILE / AFTERSCHOOL CLUB

The After-School Club is available Monday to Friday, 3.00 – 4.55pm.

£7.50 each session. If you are interested, please contact Laoise, the Gaelscoil secretary, to book a place. Rang 1 children will not attend in September as they go home at 12 pm. Go raibh maith agat.

ALLERGY INFORMATION: NUTS

Gaelscoil Neachtain is a nut-free zone: nuts, or products containing nuts, are not allowed on the Gaelscoil site. Go raibh maith agat.

5mph SPEED LIMIT.

IN THE INTEREST OF EVERYONE'S SAFETY, PARENTS / CARERS ARE ASKED, PLEASE, TO DRIVE AT A MAXIMUM OF **5mph** IN THE GAELSCOIL SITE AND ON THE WAY IN AND OUT. Go raibh maith agat.

CROSSING PATROL

Please note: Gaelscoil Neachtain does not have a crossing patrol officer. ALL PARENTS, THEREFORE, ARE ASKED TO ENSURE THE SAFETY OF THEIR CHILDREN COMING TO, AND RETURNUNG FROM, THE GAELSCOIL. Go raibh maith agat.

CHILD PROTECTION

Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either them immediately. Go raibh maith agat.

NÓTA MEABHRÚCHÁIN: DRUIDIM SCOILE TUGTAR FAOI DEARA, LE DO THOIL: BEIDH GAELSCOIL AGUS NAÍSCOIL NEACHTAIN DRUIDTE DO NA PÁISTÍ DÉ hAOINE, 20 MEÁN FÓMHAIR LE HAGHAIDH LÁ FORBARTHA SCOILE. ATHOSCLAÍONN AN GHAELSCOIL AGUS AN NAÍSCOIL, MAR IS GNÁCH, DÉ LUAIN, 23 MEÁN FÓMHAIR. Go raibh maith agat.

BLITZ IOMÁNAÍOCHTA

Tá blitz iománaíochta a eagrú ag Cumann Iománaíochta Chaoimhín Uí Loingsigh **Déardaoin, 19 Meán Fómhair**. Tugadh cuireadh do pháistí as Eochairchéim 2 bheith pairteach. Tuilleadh eolais le teacht.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Ar mhaithe le Cosaint an Pháiste agus leis an tsábháilteacht, déanfar geataí na Gaelscoile a oscailt ag na hamanna seo a leanas chun páistí a bhailiú:

- 11.50am – go dtí an 27 Meán Fómhair
- 1.40i.n.
- 2.40i.n.

TUGTAR FAOI DEARA, LE DO THOIL: NÍ OSCLÓFAR GEATAÍ ROIMH NA HAMANNA SEO. Go raibh maith agat as bheith ag comhoibriú linn. **N.B. IARRTAR AR THUISMITHEOIRÍ AN tEOLAS SEO A ROINNT LE DUINE AR BITH ATÁ AG BAILIÚ PÁISTE / PÁISTÍ S'ACU ÓN nGAELSCOIL. Go raibh maith agat.**

CULAITH OÍCHE SHAMHNA: RÉAMHFHÓGRA

Ag amharc chun tosaigh go Oíche Shamhna, dealraíonn sé go bhfuil páistí ag socrú a gculaith níos luaithe agus níos luaithe gach bliain! Agus muid ar an eolas faoin chás seo, tugtar faoi deara an méid a leanas, le do thoil: Beidh fáilte roimh na páistí go léir 'éadaí bréige' a chur orthu agus iad ag teacht ar Gaelscoil agus ar Naíscoil **Dé Aoine 25 Deireadh Fómhair**. Ag teacht le cur chuige neamhdhíoblach don timpeallacht s'againne, áfach, iarrtar ar pháistí agus ar thuismitheoirí obair le chéile chun éadaí bréige a dhéanamh as earraí athchúrsála, le do thoil. Tá muid ag cur an-bhéime ar an ghné seo den athchúrsáil agus **tabharfar duaiseanna amach do na culaith is mó samhlaíoch atá déanta as earraí athchúrsála!!**

REMINDER: SCHOOL CLOSING

PLEASE NOTE: GAELSCOIL AND NAÍSCOIL NEACHTAIN WILL BE CLOSED TO THE CHILDREN ON FRIDAY, 20th SEPTEMBER FOR A SCHOOL DEVELOPMENT DAY. THE GAELSCOIL AND NAÍSCOIL REOPEN, AS USUAL, ON MONDAY, 23rd SEPTEMBER. Go raibh maith agat.

HURLING BLITZ

A hurling blitz is being organised by Kevin Lynch Hurling Club on **Thursday, 19th September**. Children from Key Stage 2 have been invited to take part. More information to come.

IMPORTANT NOTICE

In the interests of Child Protection and safety, the Gaelscoil gates will be opened at the following times for the collection of children:

- 11.50am – until 27th September
- 1.40pm
- 2.40pm

PLEASE NOTE: GATES WILL NOT BE OPENED BEFORE THESE TIMES. Thank-you for your co-operation. Go raibh maith agat. **N.B. PARENTS ARE ASKED TO SHARE THIS INFORMATION WITH ANYONE COLLECTING THEIR CHILD / CHILDREN FROM THE GAELSCOIL. Go raibh maith agat.**

HALLOWE'EN COSTUMES: ADVANCE NOTICE

Looking forward to Hallowe'en, it seems that children are organising their costumes earlier and earlier every year! With this in mind, please note the following:
Children will be invited to come to Gaelscoil and Naíscoil in 'fancy dress' on **Friday, 25th October.** In keeping with Gaelscoil's environmentally friendly ethos, children and parents are asked to work together to make fancy dress from recycled products, please. We put great emphasis on this aspect of recycling and **prizes will be given for the most imaginative costumes which have been made from recycled materials!!**

AG SOCRÚ ISTEACH

Más ionann an cás in achan scoil ar fud fad na tíre, is í mí Mheán an Fhómhair mí don socrú isteach do pháistí. Mí í seo ina gcuireann an múinteoir ranga aithne ar na páistí (munar theagasc sé iad roimh ré) agus ina bhfaigheann sí / sé amach cá háit a bhfuil gach páiste maidir leis an fhoghlaim. Má tá ceist ar bith agat, nó buaireamh ar bith agat, sna luathlaethanta seo, nó in am ar bith, iarrtar ort dul i dteagmháil, le do thoil, leis an mhúinteoir ranga láithreach chun é a phlé. Go raibh maith agat.

SCOIL a DHÍRÍONN AIRD AR AN RÉITEACH

Is scoil í Gaelscoil Neachtain a dhíríonn aird ar an réiteach. Tugtar faoi deara, le do thoil: **má bhíonn buaireamh, nó gearán agat, iarrtar ort labhairt le múinteoir ranga an pháiste s'agatsa a luaithe agus is féidir, le do thoil.** Má tá buaireamh agat go fóill, iarrtar ort labhairt leis an Phríomhoide, le do thoil. MUNA BHFUIL FOIREANN na GAELSCOILE AR AN EOLAS FÁ ÁBHAR AR LEITH, NÍ THIG LINN TOISEACHT AR AN RÉITEACH. Tá an Córas Gearán le léamh ar shuíomh na Gaelscoile agus baineann sé le Naíscoil Neachtain chomh maith céanna. Go raibh maith agat.

CISTE GAELSCOILE

Mar fhocal scoir, an féidir linn an Ciste Gaelscoile a chur i gcuimhne duit go réidh, le do thoil?
Ar an chéad dul síos, ár mbuíochas ó chroí le gach duine a chuir leis cheana féin - is mór againn do chuid flaithiúlachta.
Táimid ag iarraidh go n-íocfar gach síntiús don scoilbhliain 2024 – 2025, más féidir, le do thoil, faoin **Aoine, 27 Meán Fómhair.**

Mar leanas atá sonraí an chiste dheonaigh: £25 an páiste agus £40 an teaghlach in aghaidh na bliana.
Is féidir an méid seo a íoc le hairgead tirim, seic nó BACS (Aistriú Bainc) -
Ulster Bank
Gaelscoil Neachtain School Fund
Sort Code: 98-05-83
Account Number 10583399
Ag gabháil buíochas leat, roimh ré, as do thaca. Go raibh céad maith agat.

BAINEANN AN CISTE GAELSCOILE LEIS AN GHAELSCOIL AMHÁIN!

SETTLING IN

As is the case in every school throughout the country, September is the month for children to settle in. This is a month in which the class teacher gets to know the children (if they haven't taught them already) and in which she / he finds out where every child is regarding learning. If you have any questions, or concerns, in these early days, or at any time, you are asked, please, to contact the class teacher immediately to discuss. Go raibh maith agat.

A SOLUTION BASED SCHOOL

Gaelscoil Neachtain is a solution based school. Please note: **if you have a concern or complaint, you are asked to speak to your child's class teacher, as soon as possible, please.** If you still have a concern, you are asked to speak to the Principal, please. IF GAELSCOIL STAFF ARE NOT AWARE OF A PARTICULAR ISSUE, WE CANNOT BEGIN TO RESOLVE IT. Our Complaints Procedure is available to read on the Gaelscoil website and applies equally to Naíscoil Neachtain. Go raibh maith agat.

CISTE GAELSCOILE / GAELSCOIL FUND

Finally, can we gently remind you about the Gaelscoil Fund?

First of all, our sincere thanks to everyone who has already contributed – your generosity is very much appreciated.

We are asking all donations for the 2024 – 2025 school year to be paid, if possible, please, by **Friday, 27th September.**

Details of the voluntary fund are as follows: £25 per child and £40 per family per annum.
This amount can be paid by cash, cheque or BACS (Bank Transfer) -
Ulster Bank
Gaelscoil Neachtain School Fund
Sort Code: 98-05-83
Account Number 10583399

Thanking you, in advance, for your support. Go raibh céad maith agat.

THE GAELSCOIL FUND ONLY APPLIES TO THE GAELSCOIL!